# CLÁR

| | |
|---|---|
| Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí | 2 |
| Príomhghnéithe na bliana 2007 | 5 |
| Deimhniú Scannáin Chineama | 20 |
| Deimhniú Fhístaifeadtaí/DVD | 22 |
| Deimhniú maidir le hImeachtaí Cúirte | 23 |
| Airgeadas | 23 |
| Foireann | 24 |
| A bhfuil i ndán | 26 |

Do: **Brian Lenihan, TD**

*An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí*

A Aire,

Tá rímead orm Tuarascáil Bhliantúil 2007 Scrúdóir Oifigiúil na Scannán a chur i láthair mar a fhorordaítear in Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

- Bhí sé mar phríomhaidhm againn le linn na bliana sainchúram IFCO a chur chun cinn mar ghníomhaireacht nua-aimseartha a chuireann comhairle tomhaltóra agus eolas ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal maidir le scannáin phictiúrlainne, DVDanna agus fís-chluichí.

- Bhí líon iomlán na scannán a deimhníodh beagnach mar a chéile le 2006, cé go raibh méadú mór tagtha ar chion na scannán neamh-phríomhshrutha agus na sainscannán. Is féidir an treocht sin a bhfuil fáilte roimpi a lua leis na táillí níos ísle atá á ngearradh ag IFCO anois as scannáin ar eisiúint theoranta a dheimhniú.

- Bhí líon iomlán na DVDanna a deimhníodh thíos 20%, agus d'fhéadfadh sé go raibh baint aige sin le hardú in íoslódáil físeán ón idirlíon, cé go luafadh go leor dáileoirí é le heaspa socraithe i ndáil le táille laghdaithe do theidil DVDanna leasa mhionlaigh, ar nós mar a bhíonn i bhfeidhm do scannáin ar eisiúint theoranta. Tuigim go n-áirítear leasú ar an Acht um Fhístaifeadtaí, 1989 ar an mBille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006, mar a dréachtaíodh, a thabharfadh éifeacht do shocrú den sórt sin.

- Beidh dhá shuirbhé taighde á bhfoilsiú againn i gcomhar leis an tuarascáil seo, ag eascairt as an taighde leanúnach atá á déanamh againn maidir le haicmiú scáileáin, rud atá mar thosaíocht ag an Oifig seo le roinnt blianta anuas.  Staidéar scóipeála ar na dúshláin atá ann d'aicmiú scannáin agus DVDanna mar thoradh ar mhearathrú teicneolaíoch domhanda atá sa chéad cheann, a rinne an Dr. Jim Barratt, comhairleoir meán agus scannán na RA. Ba é an MRBI a rinne an dara ceann d'IFCO, suirbhé taighde dearcaidh ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le haicmiú. Tagraítear d'achoimhre ar thorthaí an dá shuirbhé taighde sa roinn Forbairtí Lárnacha sa Tuarascáil seo ar leathanach 7 agus tá siad foilsithe ar ár laithreán gréasáin **www.ifco.ie**

- Tháinig ardú de 45% ar líon na ndaoine a thug cuairt ar láithreán gréasáin IFCO, a chuireann comhairle tomhaltóra agus eolas éasca don úsáideoir ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal, ón mbliain roimhe sin. Ar an drochuair, áfach, ba chóir go mbreathnófaí ar an méadú sin i gcomhthéacs freagra ar cheist i suirbhé an MRBI, a tháinig aniar aduaidh orainn, agus go deimhin a chur díomá orainn anseo in IFCO, sé sin, nár fhreagair ach 12% d'fhreagróirí (1000 duine, 15+ bliain d'aois) go raibh eolas acu faoi láithreán gréasáin an IFCO. Cé go bhfuil níos mó feasachta i measc an aoisghrúpa a fhreastalaíonn ar an bpictiúrlann, léiríonn an figiúr foriomlán go soiléir go bhfuil líon mór tuismitheoirí fós aineolach maidir leis an eolas tomhaltóra a chuireann ár láithreán gréasáin ar fáil. Sa chomhthéacs sin, tá sé de dhualgas orm a lua gur gearradh siar go mór ar an mbuiséad dár bhfeachtas feasachta poiblí, a bhí dírithe go sonrach ar níos mó feasachta a chur chun cinn maidir lenár láithreán gréasáin, chun nuashonrúcháin IT a éascú, agus go mbeidh tuilleadh ciorruithe ann i 2008. Siocair gur ghné chomh lárnach í sin maidir leis an méid a bhíonn ar siúl againn, molaim go láidir daoibh athbhreithniú a dhéanamh ar conas is féidir an tsuim mheasartha bheag sin a fháil ar ais.

- Tríd is tríd, ní tharraingníonn tromlach na gcinntí maidir le haicmiú aird na meán ná

**"...go bhfuil líon mór tuismitheoirí fós aineolach maidir leis an eolas tomhaltóra a chuireann ár láithreán gréasáin ar fáil."**

spóid phoiblí. Bíonn correisceacht i gceist: le blianta anuas tharraing *The Passion of the Christ, Bad Santa* agus *9 Songs* aird ar chúiseanna difriúla. Ba é an cosc a chur an IFCO ar an bhfíseán fíorfhoréigneach, *Manhunt 2,* an cinneadh ba chonspóidí a rinneadh anuraidh, rud a chruthaigh clúdach meán agus díospóireacht phoiblí ar scála mór. Fuair an IFCO cuid mhór gearán ó imreoirí cluichí feargacha, ach tá sé spéisiúil a thabhairt ar aird gur léirigh suirbhé an MRBI go raibh ochtar as deichniúr sásta le cinneadh an IFCO. (Féach leathanach 7)

- I réimse oideachais na n-íomhanna gluaiste, atá mar thosaíocht lárnach againn in IFCO, bímid rannpháirteach go gníomhach i gclár leanúnach taispeántais agus plé mar chuid de mhodúl na hidirbhliana in oideachas na n-íomhanna gluaiste. Tá an tionscadal fiúntach seo á stiúradh ag Institiúid Scannán na hÉireann i gcomhar leis an Roinn Oideachais, leis an gComhairle Ealaíon, le Bord Scannán na hÉireann agus le IFCO. Bhí roinnt plé agus taispeántais ghrúpaí fócais ar siúl le linn na bliana chomh maith, ina raibh daoine fásta agus páistí óga páirteach.

- Tá lúcháir orm go bhfuilim in ann a thuairisciú gur cuireadh tús le Céim 2 den uasghrádú a beartaíodh do chóras IT lánpháirteach IFCO, a cuireadh siar roimhe seo, i mí Dheireadh Fómhair. Cuirfidh sin ar chumas láithrean gréasáin IFCO an chomhairle tomhaltóra chéanna a thabhairt do thuismitheoirí agus don phobal i ndáil le DVDanna agus a thugtar faoi láthair i ndáil le scannáin phictiúrlainne.

- Bhí bliain ghníomhach eile ag Cigireacht IFCO, a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 agus a dhéanann idirchaidreamh leis na Gardaí agus mar thoradh air sin, tá Gardaí faoi láthair ag fiosrú líon suntasach cásanna a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha líomhnaithe ar an Acht.

- I dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh, d'ardaigh mé roinnt ceisteanna maidir leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag IFCO i gcomhthéacs timpeallacht meán idirnáisiúnta atá ag athrú go tapa mar thoradh ar dháileadh digiteach, íoslódáil físeáin agus cóinbhéirseacht na meán domhanda. I mí Feabhra, tugadh cuireadh dom cur i láthair a dhéanamh, dar teideal 'From Stop Sign to Signpost' ag comhdháil idirnáisiúnta aicmitheoirí in Sydney, áit a rinneadh plé ar na saincheisteanna sin. Táim ag súil go mór leis an deis, in am trátha, sibh a chur ar an eolas maidir leis na himpleachtaí a bheidh ag cuid de na saincheisteanna sin i gcomhthéacs a n-impleachtaí ar ghníomhaireacht reachtúil ar nós IFCO san am atá romhainn.

- Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe, Ger Connolly, an Leas-Scrúdóir, maraon lena fhoireann Scrúdóirí Cúnta, lenár mBainisteoir Oifige, Ann O'Kelly, agus le mo chomhghleacaithe státseirbhíse in IFCO agus sa rannán Seirbhísí Corparáideacha sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí as an obair a rinne siad in 2007. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na Scrúdóirí Cúnta, Patricia Murphy agus Dani McClafferty, a ndeachaidh a gconarthaí in éag i mí Dheireadh Fómhair, as an obair fhiúntach a rinne siad le linn a dtéarmaí oifige.

Mise le meas,



John Kelleher
Scrúdóir na Scannán

# SCRÚDÓIR NA SCANNÁN



**JOHN KELLEHER**

Ceapadh John Kelleher mar Scrúdóir Oifigiúil na Scannán an 7ú Aibreán 2003, i ndiaidh próisis chomórtais fógraithe phoiblí.

I mBaile Átha Cliath a rugadh é agus bhain sé céim BCL amach i UCD agus Céim Mháistreachta i nDrámaíocht ó Ollscoil Kentucky. Glaodh chun an Bharra air i 1971. Mar stiúrthóir/léirtheoir in RTÉ, léirigh sé go leor clár a bhain duaiseanna amach lena n-áirítear *Strumpet City* agus *Even the Olives Were Bleeding*. Ceapadh é mar Cheannaire na gClár Teilifíse i 1980 agus bhunaigh sé an clár *Today Tonight* an bhliain chéanna. D'fhág sé RTÉ in 1983 chun post a ghlacadh mar Bhainisteoir Stiúrtha an Sunday Tribune.

Bhí sé ar dhuine de na stiúrthóirí neamhspleácha teilifíse agus scannán is ceanndródaí sa tír ar feadh breis is fiche bliain. Léirigh sé sé scannán pictiúrlainne lena n-áirítear *Eat the Peach*. Scríobh sé sé shraith drámaíochta teilifíse i gcomhar chomh maith le roinnt cláracha faisnéise agus ceithre shraith de phríomhchlár chúrsaí reatha TV3, *Agenda*. Tá a iníon Roisín ina léiritheoir leis an BBC i mBéal Feirste, agus tá a mhac, Macdara, ag obair as Baile Átha Cliath mar léiritheoir scannáin & teilifís.

## PRÍOMHFHORBAIRTÍ

### “Bíonn fáilte ag an Oifig roimh thuairim a chuireann tuismitheoirí nó daoine den phobal.”

### BEARTAÍOCHT FEIDHMIÚCHÁIN

Cé go raibh líon iomlán na scannán a deimhníodh i rith na bliana 2007 isteach agus amach le líon na bliana 2006, bhí laghdú 20% ar líon iomlán na DVDanna a deimhníodh agus sin ar na cúiseanna a dtagraítear dóibh sa Bhrollach leis an tuarascáil seo (féach I.2)

Tugtar briseadh síos ar chagtagóirí agus ar an rátáil rangaithe i gcás na scannáin agus na DVDanna a rangaíodh ar leathanach 20, 21 agus 22 na Tuarascála, chomh maith le heolas faoi na ceadúnais a eisíodh agus eolas eile.

### DEIMHNIÚ SCANNÁIN PHICTIÚRLAINNE

Deimhníodh 41 scannán ar ráta ‘16’ i rith na bliana, agus deimhníodh 18 scannán ar ráta ‘18’, toradh ab ionann a bheag nó a mhór le toradh na bliana 2006 nuair a deimhníodh 42 scannán ar ráta ‘16’ agus 22 ar ráta ‘18’.

Tá an pobal agus tuismitheoirí sásta i gcónaí leis an deimhniú ‘16’ a tugadh isteach trí bliana ó shin agus a thiteann isteach go breá idir deimhniú ‘15A’ agus deimhniú ‘18’. Is cosúil go dtuigtear go coitianta anois agus go nglactar leis go ginearálta gur comhartha deimhniú ‘18’ ó Scrúdóir Oifigiúil na Scannán go bhfuil ábhar sa scannán nach n-oireann mar lón súl ag aon duine nach duine fásta iad, i.e. is dócha go bhfuil ábhar foréigin fuilteach grinnléirithe ann, (e.g. *Eastern Promises*), ábhar gnéis an-fhollasach agus/nó foréigneach, (e.g. *Lust, Caution*), nó ábhar neamhbhalbh mar gheall ar dhrugaí, go háirithe sa chás go mbeadh gné den treoir ag baint leis an ábhar, (e.g. *Shrooms*).

Bíonn fáilte ag an Oifig roimh thuairim a chuireann tuismitheoirí nó daoine den phobal in iúl maidir le cinntí rangaithe. Cé gur cúrsaí foréigin agus drugaí is mó is ábhar buartha don chuid is mó de na tuismitheoirí, is díol suntais a thabhairt faoi deara gur maidir le scannáin rómánsaíochta grinn (‘romcom’) a dheimhnítear ar ráta 12A nó 15A agus a dtarlaíonn tagairtí neamhurchóideacha nó measartha do chúrsaí gnéis nó eachtraí den chineál sin. Is é atá le tuiscint go tréan ón taighde atá déanta againn



Dani McClafferty, an Oifigeach Idirchaidreamh Pictiúrlainne IFCO, ar cuairt go dtí an t-ilphléacs Movies @ Dundrum.

gurbh é an rud is mó a tharraingíonn deacracht – do na tuismitheoirí agus do na daoine óga araon – an náire a thagann ar an dá dhream ag féachaint an ábhair le chéile níos mó ná an t-ábhar féin nach dóigh le ceachtar acu dochar a bheith ann as féin.

### SCANNÁIN PHICTIÚRLAINNE AR EISIÚINT THEORANTA

Is ábhar dóchais a thabhairt faoi deara gur deimhníodh 121 scannán pictiúrlainne ar eisiúint theoranta sa bhliain 2007 i gcomparáid le 86 sa bhliain 2006 agus 75 sa bhliain 2005.

Is éard is scannán ar eisiúint theoranta ann ná scannán a eisítear in Éirinn ar shé chló nó níos lú.

"Bhí 80% a d'aontaigh le cinneadh Scrúdóir na Scannán le gairid toirmeasc a chur ar an gcluiche ríomhaireachta *Manhunt 2*."

Íocann dáilitheoirí táille deimhniúcháin leis an Oifig bunaithe ar fhad an scannáin. €12 in aghaidh an nóiméid an táille a bhaineann le scannán príomhshrutha a dheimhniú ach, ón mbliain 2004 i leith, €3 in aghaidh an nóiméid an táille a bhaineann le scannán ar eisiúint theoranta a dheimhniú rud a fhágann gur féidir le dáilitheoir ar bhonn tráchtála scannán ealaíne a dháileadh taobh amuigh de chóras na gclubanna. Anuraidh mar sin, gan ach roinnt samplaí a lua, cé go raibh costas deimhniúcháin de €1700 i gceist le *Spiderman 3*, €2000 le *Pirates of the Caribbean: At World's End* agus €1500 le *P.S: I Love You*, €300 ar an meán an costas a bhain le scannáin ar eisiúint theoranta de leithéid *Garage, Once, The Counterfeiters* agus cuid mhaith eile - 20 scannán 'Bollywood' ina measc.

## DEIMHNIÚCHÁN DVD

Faoi láthair, déantar an rangú céanna de réir aois i gcás DVDanna agus scannáin phictiúrlainne (G, PG, 12, 15, 18), ach amháin i gcás an rangú 16 do scannáin i bpictiúrlanna nach bhfuil a chomhionann ann don scannán ar DVD. Tá an rangú ar DVDanna socraithe faoin reachtaíocht ach is de thogra Scrúdóir na Scannán an rangú i gcás na pictiúrlainne, socrú ciallmhar a ligeann don tso-athraitheacht chuí. Ní féidir ach oiread an códú soiléir le dathanna a úsáidtear maidir le rátaí aoise do scannáin sa phictiúrlann a úsáid i gcás an DVD mar go bh-fuil an lipéadú a úsáidtear ina leith sin leagtha síos faoi Ionstraim Reachtúil. Ó tharla gur gearr go mbeidh cóir leasa á chur ar an láithreán gréasáin, d'fhonn eolas don tomhaltóir a chur ar fáil faoi DVDanna chomh maith leis na scannáin sa phictiúrlann, ba tráthúil athbhreithniú maidir leis an gcás anois ionas go bhféadfaí cód na ndathanna maidir le lipéid deimhniúcháin sa dá chás a thabhairt le chéile.

## MOLTAÍ MAIDIR LE DVDANNA AR EISIÚINT THEORANTA

Mar a luadh le trí cinn de Thuarascálacha Bliantúla anuas, agus sa Bhrollach leis an gceann seo, is cúis imní do dháilitheoirí DVDanna na hÉireann agus do dháilitheoirí iasachta an costas a bhaineann le DVDanna is lón spéise don mhionlach a dháileadh in Éirinn. Tá áitithe acu arís agus arís eile gur cheart DVDanna is lón spéise don mhionlach a dheimhniú ar bhonn is ionann leis an scála táillí laghdaithe atá i bhfeidhm maidir le scannáin phictiúrlainne ar eisiúint theoranta. Tá curtha in iúl dom ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go mbeidh sin indéanta nuair a ritear an Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), atá os comhair an Oireachtais faoi láthair agus a bhforáiltear ann dá leithéid.

Maidir le píoráideacht, tá Oifig Scrúdóir na Scannán ar cheann de na baill ón tionscal sa ghrúpa oibre a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i 2006 chun comhordú a dhéanamh ar fheachtas dírithe ar deireadh a chur le píoráideacht maoine intleachtúil, coir a gcreidtear ina leith go dtugtar suas le €300 milliún in aghaidh na bliana ar leataobh ón tionscal agus ón státchiste leis.

## TAIGHDE

Tugadh dhá shuirbhé taighde a chuir an Oifig ar coimisiún chun críche i rith na bliana 2007.

Luadh an chéad cheann, scrúdú scóipeála maidir leis na roghanna atá ag lucht aicmithe sa ré dhigiteach arna dhéanamh ag an Dr Jim Barratt, comhairleoir idirnáisiúnta maidir le scannánaíocht agus na meáin chumarsáide, i dTuarascáil

**“Ba mhaith le 72% de na freagróirí dá léireofaí rátáil na hOifige de réir aoise nuair a thaispeáintear scannáin ar chainéil teilifíse na hÉireann."**

Bhliantúil na bliana anuraidh sa roinn faoi chora nua a bhí i ndán. Pléadh toradh shaothar an Dr Barratt ag comhdháil idirnáisiúnta do lucht aicmithe i Sydney na hAstráile i mí Feabhra mar chuid de chur i láthair a rinne John Kelleher (féach leathanach 13). Foilsíodh toradh an tsaothair ina dhiaidh sin ar láithreán gréasáin na hOifige.

Rinne an dara ceann, a rinneadh trí TNS ollchlár teileafóin mrbi, PhoneBus, mothúcháin agus dearcadh i dtaobh na gceisteanna rangaithe roghnaithe a scrúdú. Rinneadh an obair allamuigh sa tríú seachtain de mhí na Samhna agus bhí an sampla freagróirí comhdhéanta de 1,000 duine, aois 15+, ionadaí don daonra náisiúnta i dtéarmaí inscne, aois, aicme sóisialta agus réigiún.

Ba iad na príomh torthaí, atá foilsithe ina iomláine ar láithreán gréasáin an IFCO i gcomhar leis an Tuarascáil Bhliantúil seo, ná:

- Ba mhaith le 72% de na freagróirí dá léireofaí rátáil na hOifige de réir aoise nuair a thaispeáintear scannáin ar chainéil teilifíse na hÉireann (i.e. RTÉ, TV3, TG4 agus Channel 6). Bhí 27% ina aghaidh sin agus 1% nach raibh a fhios acu.

- Ba mhaith le 85% de na freagróirí dá léireofaí rátáil na hOifige de réir aoise mar bhonn comhairle nó treorach i gcás scannáin a chóipeáiltear anuas den idirlíon, (cé gur luadh leis na freagróirí nach dtagann íoschóipeáil físe faoi scáth na hOifige faoi láthair. Bhí 14% ina aghaidh sin agus 1% nach raibh a fhios acu.

- Nuair a fiafraíodh cén cineál meán cumarsáide a cheaptar is mó a mbeadh tionchar na míbhuntáiste aige ar leanaí, luaigh 44% an t-idirlíon, 32% cluichí ríomhaireachta, 17% an teilifís, 4% DVDann, agus 2% an phictiúrlann.

- Nuair a fiafraíodh cé acu seo a leanas is mó a mbeadh damhna dochair ann do leanaí arna léiriú i scannán, luaigh 63% an foréigean, 21% drugaí, 11% cúrsaí collaíochta agus 4% droch-chaint.

- Bhí 80% a d’aontaigh le cinneadh Scrúdóir na Scannán le gairid toirmeasc a chur ar an gcluiche ríomhaireachta *Manhunt 2* de bhun ‘foréigean graosta, leanúnach, gan údar ar leibhéal nach raibh inghlactha’. Bhí 16% nár aontaigh agus 4% nach raibh a fhios acu.

  Mar a shílfí, cé go mba mhionlach i gcónaí iad, b’airde an sciar nár aontaigh leis an gcinneadh i measc fireannach, mic léinn agus dá óige an duine (Fireannaigh 24%, mic léinn 38%, 15 – 17 42%, 18 – 24 38%), agus ba mhó an sciar de na baineannaigh a d’aontaigh leis an gcinneadh (Baineannaigh 87%, 35 – 64 90%).

- Maidir lena mhinice a bhreathnaítear scannáin, cibé sa phictiúrlann, ar DVD nó ar an teilifís, bhí 23% a dúirt go mbreathnaítear scannán níos minice ná uair sa tseachtain, 30% uair sa tseachtain, 29% uair nó dhó sa mhí, 11% níos lú ná sin, agus 7% a deir nach mbreathnaíonn siad scannáin ar chor ar bith

- Nuair a fiafraíodh de dhaoine ar cheart scannáin a rangaítear in aicme ‘18’ a thabhairt faoi réir cinsireachta, le gearradh nó toirmeascadh, dúirt 56% de na freagróirí gur cheart, 40% a dúirt nár cheart agus 3% nach raibh a fhios acu.

  Nóta: ba díol suntais sin d’fhoireann na hOifige ó téann sé in aghaidh an mheoin a chuirtear in iúl i rith phlé rialta le grúpaí fócais ar cheisteanna rangaithe is ábhar buartha do thuismitheoirí, ógánaigh agus lucht oideachais. Tá rún againn, dá bhrí sin, an cheist seo a chíoradh trí shaothar breise taighde.

**“Bagairt éadrom ann agus foréigean ghníomhú fantaisíochta beochana.”**

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Shrek the Third* ar láithreán gréasáin IFCO)




*Shrek the Third*

Stiúrthóir: Chris Miller, Raman Hui

G

IFCO

IRISH FILM CENSOR'S OFFICE

G PG 12A 15A 16 18

## "Ainneoin an toradh míshásúil a cheist maidir le heolas faoin láithreán gréasáin le linn suirbhé MRBI Phonebus, bhí ardú 45% ar líon na gcuairteanna ar shuíomh idirlín IFCO."

Ba díol iontais freisin agus ábhar buartha, go deimhin, a laghad a bhí eolas ag freagróirí ar shuíomh idirlín na hOifige agus gan ach 12% de na freagróirí a luaigh go raibh a fhios acu é a bheith ar fáil. (Ina ainneoin sin, bhí a dhá oiread sin den aois ghrúpa 18-24 bliain a raibh eolas acu ar an suíomh idirlín.)

### FEACHTAS FEASACHTA POIBLÍ

D'fhág cúinsí airgid i rith na bliana go bhfuil moill ar an dara céim d'fheachtas feasachta poiblí na hOifige a raibh de chuspóir leis eolas níos forleithne ar an láithreán gréasáin a chothú. Cuireadh feachtas fógraíochta a bhí beartaithe ar ceal agus cuireadh srian le diansceideal cuairteanna ar scoileanna agus cruinnithe le múinteoirí. Mar a luadh ar leathanach 2 sa Bhrollach leis an Tuarascáil, ba mhór an feall, i bhfianaise a laghad eolais atá ar an láithreán gréasáin, mar is léir ón tsuirbhé MRBI, dá mbeadh srianta airgeadais ina mbac arís lenár ndícheall eolas ar an suíomh a chothú i measc an phobail.

### SUÍOMH IDIRLÍN IFCO www.ifco.ie

Ainneoin an toradh míshásúil a cheist maidir le heolas faoin láithreán gréasáin le linn suirbhé MRBI Phonebus, bhí ardú 45% ar líon na gcuairteanna ar shuíomh idirlín IFCO i rith na bliana 2006. Cuirtear comhairle don tomhaltóir ar fáil do thuismitheoirí faoi scannáin ar an suíomh faoi láthair (beidh comhairle faoi DVDanna á chur ar fáil chomh maith ón mbliain seo chugainn amach) agus is moladh a bhíonn ag an bpobal air. Meallann na comórtais mhíosúla rialta ar an suíomh idirlín cumarsáid idirghníomhach agus bíonn duaiseanna ar nós deis freastal ar premiére scannáin nó ábhar marsantachta a bhaineann le scannáin ar fáil do na buaiteoirí.

I measc na nduaiseanna a bhí le buachaint i rith na bliana 2007, bhí ticéid chuig an gcéad taispeántas de scannáin ar nós *Dreamgirls* (UIP), *The Bourne Ultimatum* (Universal), *Garage* (Element Pictures Distribution), *Transformers* (Paramount), *Sweeney Todd* (Warners) agus ábhar marsantachta (T-léinte, DVDanna, etc.) arna gcur ar fáil ag Sony, Eclipse, agus Buena Vista International.



Suíomh Idirlín IFCO

### TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS – CÉIM A DÓ

Tosaíodh ar an obair i mí Deireadh Fómhair ar an dara céim d'fheabhsú chóras slánchóirithe TE na hOifige. Ligfidh sin don Oifig eolas agus comhairle don tomhaltóir a chur ar fáil maidir le DVDanna mar a chuirtear ar fáil maidir le scannáin phictiúrlainne cheana féin.

Réiteofar an bealach leis chomh maith do fhreastal ar líne ar chustaiméirí gnó na hOifige ionas gur féidir iarratais maidir le deimhniú a dhéanamh ar an gcaoi sin agus freagra a fháil níos tráthúla. Nuair atá barr tábhachta anois le cúrsaí ama agus slándála, is cor nua den suntas atá ansin a bheidh ina údar sástachta.

**“Foréigean agus teanga éadraom/an-éadrom agus radharc amháin measartha gnéis.”**

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Ocean’s Thirteen* ar láithreán gréasáin IFCO)



*Ocean’s Thirteen*
Stiúrthóir: Steven Soderbergh

PG

## “Reáchtáileadh roinnt ócáidí taispeántais agus plé le tuismitheoirí leanaí an-óg chomh maith.”

### POST CIGIREACHTA

Ba í an bhliain 2007 an tríú bliain iomlán oibre ag Cigireacht IFCO ó cuireadh i mbun oibre in athuair í sa bhliain 2004.

Tugann Cigirí IFCO cuairt go tráthrialta ar gach áitreabh miondíolacháin go seiceáiltear an bhfuil forálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 á gcomhlíonadh. Cé go raibh na coinníollacha a gcomhlíonadh sa chuid is mó de na cásanna, tionscnaíodh beart cuí ina n-aghaidh siúd a rinne sárú ar na riachtanais. Bíonn caidreamh leanúnach idir IFCO agus na Gardaí agus tharla ionchúiseamh i roinnt cásanna i rith na bliana agus pléadh le cásanna eile sa chóras dlí chomh maith.

### TAISPEÁNTAIS/PLÉ OS COMHAIR GHRÚPAÍ FÓCAIS

Mar a tharla blianta eile, bhí deis caidrimh agus plé ag an Oifig le tuismitheoirí, daoine óga, daltaí dara leibhéal, mic léinn tríú leibhéal, lucht oideachais agus siceolaithe agus eile ag sraith taispeántas sannán do ghrúpaí fócais. Duine den mheitheal Scrúdóirí Cúnta, Mark Brennan, atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar ócáidí taispeántais/plé na ngrúpaí fócais.

I measc na scannáin a léiríodh agus a pléadh os comhair grúpaí fócais i rith na bliana 2007, bhí *The Kite Runner, Lady Chatterley, Bobby, Notes on a Scandal, The Simpsons Movie, London to Brighton, Half Nelson, 1408, Garage, Sicko, The Kite Runner, Lady Chatterley, Bobby, Notes on a Scandal, The Illusionist, Zidane, Becoming Jane, La Vie en Rose, Mr. Brooks, Hallam Foe, Atonement, No Country for Old Men, Things We Lost in the Fire* agus *Lust, Caution.*

I measc na ngíomhaireachtaí agus na n-eagras ionadaíochta a bhí páirteach ar ócáidí taispeántais agus plé na ngrúpaí fócais i rith na bliana, bhí Cumann Ospidéal Adelaide, an Chomhairle



Grúpa fócas ag pléadh in IFCO

Ealaíon, Aware, Foras Oispíse na hÉireann, Institiúid na gComhairleoirí Treorach, Bord Scannán na hÉireann, Institiúid Scannán na hÉireann, Ionad na nÍosánach um Chreideach agus Ceartas, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Oifig an Ombudsman do Leanaí, the Royal Television Society agus Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann. Bhí daltaí dara leibhéal agus a gcuid múinteoirí páirteach freisin chomh maith le mic léinn agus lucht teagaisc as Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Griffith, IADT, Coláiste Phádraig, Drom Conrach, Coláiste na Tríonóide agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Reáchtáileadh roinnt ócáidí taispeántais agus plé le tuismitheoirí leanaí an-óg chomh maith agus, i gcás roinnt scannán, bhí na leanaí ina gcomhluadar.

Rinne Scrúdóir na Scannán agus an Scrúdóir Cúnta cur i láthair faoi ról nua-chóirithe IFCO le haitheasca in áiteanna éagsúla ar fud na tíre, mar shampla Corcaigh, Baile Átha Cliath, Dún

**"Tá radhairc agus íomhánna d'fhoréigean beochana fantaisíochta measartha go tréan ann atá hipir-réalaíoch, garbh agus stílithe (tabhair ar aird: tá an mhaisíocht níos tréine sa leagan 3-D). Ábhar/tagairtí éadroma/measartha gnéis. Radhairc nochta mheasartha."**

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Beowulf* ar láithreán gréasáin IFCO)



*Beowulf*
Stiúrthóir: Robert Zemeckis

12A

“Is dóigh leis an Oifig go bhfuil ag éirí go maith leis an gcóras PEGI mar chabhair den suntas do thuismitheoirí.”

Dealgan, Gaillimh, Cill Chainnigh, Cionn tSáile, Leitir Ceanainn, Luimneach, Sligeach agus Trá Lí.

## MODÚL IDIRBHLIANA MAIDIR LE HOIDEACHAS I MBEO-ÍOMHÁNNA

Rinneadh forbairt bhreise i rith na bliana 2006 maidir leis an tionscnamh seo a bunaíodh sa bhliain 2005 i gcomhar leis an IFI (Irish Film Institute) agus an Roinn Oideachais, lena gcuirtear sraith taispeántais scannán agus ceardlann ar fáil do dhaltaí dara leibhéal agus a ndéantar plé ar chúrsaí aicmithe agus cinsireachta leis an Oifig. Bíonn an-mholadh ag múinteoirí agus daltaí araon air sin agus is é tuairim an IFI gur cuid an-fhiúntach den mhodúl é ó thaobh oideachais agus eile.

## COMHOIBRIÚ IDIR LUCHT AICMITHE SAN AE AGUS GO HIDIRNÁISIÚNTA

I mí Feabhra, d’eagraigh Office of Film and Literature Classification na hAstráile comhdháil idirnáisiúnta faoi dheimhniúchán aicmí i Sydney faoin teideal ‘Ratings in the 21st Century: Community Standards in a Borderless Marketplace’, agus bhí cuireadh ag John Kelleher ann chun cur i láthair closamhairc a dhéanamh faoin teideal ‘From Stop Sign to Signpost’. Ba léiriú sin ar an athrú atá tagtha ón dianchinsireacht ghéar a bhíodh in Éirinn agus ón ról mar chaomhnóir moráltachta i stát cumhdaigh go dtí ról lena ndéantar éascaíocht don tomhaltóir agus lena gcuirtear béim ar aicmiú de réir aoise.

I mí Meán Fómhair, bhí an chomhdháil bhliantúil ag Cumann lucht aicmithe na hEorpa in Amsterdam agus i Hilversum na hÍsiltíre. Chuir Scrúdóir na Scannán, John Kelleher, atá ina chomhalta de Ghrúpa Stiúrtha an Chumainn, tuairisc ar na cora is deireanaí maidir leis an Oifig iláthair dá chomhghleacaithe san Eoraip ag an gcomhdháil, a bhí á heagrú ag an áisíneacht náisiúnta aicmithe san Ísiltír, NICAM.

I mí Deireadh Fómhair, d’eagraigh IFCO na cruinnithe boird do PEGI (Pan-European Game Information) agus ISFE (Interactive Software Federation of Europe) i mBaile Átha Cliath (féach leathanach 15)

Comhalta bunaithe IFCO freisin de WMReF (World Media Regulators’ e-Forum), fóram leictreonach idirnáisiúnta d’fhonn freastal don chumarsáid shlán, rúnda idir comhlachtaí rialaithe maidir leis na meáin ar fud an domhain.

Is iad na príomhsheirbhísí a bhíonn ar fáil trí shuíomh WMReF fóram rúnda, deasc nuachta, cartlann saothair taighde agus naisc le suíomhanna idirlín oifigiúla rialaitheoirí na meán agus suíomhanna eile a bhaineann le hábhar. Is iad na balleagraíochtaí comhúinéirí WMReF agus is ag rialaitheoirí na meán i réimsí scannán, fístaifead agus na meán digiteach ar fud an domhain atá ballraíocht ar fáil. Tá rialaitheoirí as an Afraic Theas, an Astráil, an Bheilg, an Chipir, an Fhionnlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iorua, an Íoslainn, an Ísiltír, Lichtinstéin, an Liotuáin, an Nua-Shéalainn, an Ongáir, an Ostáir, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, Singeapór, an tSlóivéin, an tSualainn agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ina mbaill.

**“Téamaí oibseisiúin, saint agus fuatha, a léirítear go tréan. Foréigean measartha agus radharc amháin ina bhfuil foréigean tréan.”**

(Comhairle do thomhaltóirí ar *There Will Be Blood* ar láithreán gréasáin IFCO)



*There Will Be Blood*
Stiúrthóir: Paul Thomas Anderson

15A

**“Beidh seirbhís na hOifige, tar éis an togra TE seo, inchurtha le haon cheann de na seirbhísí dá leithéid ar fud an domhain.”**

## FÍSCHLUICHÍ

Tá físchluichi díolmhaithe maidir lena ndeimhniú faoin Acht um Fhístaifeadtaí 1989, cé gur féidir toirmeasc a chur orthu ar fhorais a shonraítear faoi Alt 3 an Achta.

Comhalta bunaithe de chuid PEGI (Pan-European Games Information system) Éire. Tá an Scrúdóir Cúnta, Ger Connolly, ina chomhalta ar Bhord Comhairle PEGI.

Cuireadh córas rátála de réir aoise PEGI ar bun sa bhliain 2003 d’fhonn cuidiú le tuismitheoirí san Eoraip cinneadh lán eolais a dhéanamh maidir le cluichí idirghníomhacha a cheannach. Leagadh amach an córas d’fhonn cinntiú nach dtiocfadh an cluiche nach n-oireann dá n-aoisghrúpa féin os comhair dhaoine óga agus tá tacaíocht ó mhórdhéantúsóirí na gconsól, PlayStation, Xbox agus Nintendo ina measc, leis an gcóras agus ó fhoilsitheoirí agus lucht ceaptha chluichí idirghníomhacha ar fud na hEorpa chomh maith.

Déantar rátáil ar fhíschluichí faoin gcóras PEGI de réir na gcatagóirí aoise seo a leanas: 3+, 7+, 12+, 16+ agus 18+. Is dóigh leis an Oifig go bh-fuil ag éirí go maith leis an gcóras PEGI mar chabhair den suntas do thuismitheoirí maidir le hoiriúnacht an ábhair do dhaoine óga ar aoiseanna éagsúla a dhéanamh amach. Déanann an Oifig go rialta cluichí a rátáiltear mar ‘18+’ a scrúdú sula n-eisítear iad.

Chomh maith le hÉirinn, is iad comhaltaí bunaithe eile PEGI an Bheilg, an Danmhairg, an Eilvéis, an Fhionnlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Iorua, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostáir, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an tSualainn. Tá PEGI in úsáid anois chomh maith ag an mBulgáir, an Chipir, an Eastóin, an Íoslainn, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ongáir, an Pholainn, an Rómáin, Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice agus an tSlóivéin.

I mí Deireadh Fómhair, rinne an Oifig riar agus reáchtáil ar chomhchruinniú bliantúil agus ar sheach-chruinnithe bliantúla dhá bhord PEGI agus ISFE (Interactive Software Federation of Europe). Pléadh coincheapanna agus ábhair de leithéid Dínit an Duine, léibhéil éagsúla rátála i bhfianaise leibhéil éagsúla foréigin agus moltaí maidir le córas gearáin agus forfheidhme níos éifeachtaí ag na cruinnithe sin.

Is teist an leathnú leanúnach ar chóras PEGI ar fud na hEorpa ar a fheabhas atá ag éirí leis agus chomh mór agus atá glacadh leis. Mar a luaitear i gcuid eile den tuarascáil seo, is é an ní is mó tábhachta anois i dtuairim na hOifige, eolas agus tuiscint ar chóras PEGI a chothú i measc an phobail.

Seo seoladh shuíomh idirlín PEGI:
**www.pegi.info**

## CÚRSAÍ TE

Mar a luaitear sa Bhrollach leis an Tuarascáil (féach leathanach 3), cuireadh tús leis an dara céim den nuachóiriúchán ar chóras slánchóirithe TE na hOifige i mí Deireadh Fómhair.

Beidh feabhsú agus bisiú suntasach, mar a leagtar amach thíos, de thoradh ar an togra seo a bhaineann le taobh na DVDanna den tseirbhís agus den obair ag an Oifig.

Maidir leis an bpobal, cóireofar suíomh idirlín na hOifige go mbíonn deimhniú aicme agus eolas don tomhaltóir mar gheall ar gach DVD a eisítear ar fáil air agus beidh, dá réir sin,

## “Caint láidir, gharbh agus ghnéasach tríd an scannán ar fad. Roinnt radharc nocht agus gnéis. Teanga an-láidir.”

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Superbad* ar láithreán gréasáin IFCO)




*Superbad*
Stiúrthóir: Greg Mottola

16

## “D'áitigh an t-iarratasóir nár tugadh cúiseanna leordhóthaineacha le diúltú an fís-saothar a dheimhniú.”

an t-eolas agus an chomhairle chéanna don tomhaltóir agus a bhíonn mar gheall ar scannáin phictiúrlainne ar fáil don tuismitheoir agus don chaomhnóir.

Maidir le custaiméirí gnó na hOifige, tabharfar de dheis dóibh iarratas ar líne a dhéanamh ar dheimhniúchán, ní a mbeidh de thoradh air, chomh maith le breis éifeachtachta, nach mbeidh gá leis an méid mór páipéir a úsáid a íditear leis an gcóras faoi láthair. Beidh fógra leictreonach ar an toirt le fáil ag cliaint ghnó a fhaigheann fógra foirmeálta maidir leis an deimhniúchán tríd an bpost faoi láthair agus beidh teacht acu go seasta leanúnach ag eolas airgeadais reatha, rud a mbeidh leas as maidir le bainistíocht níos éifeachtaí maidir lena gcuid cuntas.

Beidh seirbhís na hOifige, tar éis an togra TE seo, inchurtha le haon cheann de na seirbhísí dá leithéid ar fud an domhain. Tráth a bhfuil an tréimhse ama idir an léiriú agus an eisiúint á giorrú seasta, mar gheall ar ábhar buartha ó thaobh slándála agus bradaíochta, beidh fáilte roimh an tsábháil ama a bheidh as seo do chustaiméirí gnó na hOifige.

### IMEACHTAÍ I DTAOBH ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH SAN ARD-CHÚIRT

Baineann cás a tháinig os comhair an Bhreithimh Kevin O’Higgins Uasal san Ard-Chúirt ar an 13 agus 14 Samhain le hábhar reachtaíocht na cinsireachta.

Ar an 13 Aibreán 2004, d’eisigh Scrúdóir na Scannán, John Kelleher, i bhfeidhmiú na cumhachta dó a leagtar air faoi Alt 7 an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, Ordú Toirmisc maidir le fís-saothar dar teideal *Anabolic Initiations #5*, a bhí curtha faoi bhráid d’fhonn deimhniúchán Jacqueline Byrne, 144, Sráid Capel, Baile Átha Cliath 1, mar gurbh é a thuairim, de réir friotal an Achta, (Alt 3 (1) (a) (iii)), ‘dá mbreathnófaí air, go dtiocfadh den saothar, de bharr ábhar graosta nó mígheanasach a bheith ann, go ndéanfaí daoine a bhreathnódh air a thruailliú nó a chur ar a n-aimhleas’. Foilsíodh fógra mar gheall ar an Ordú Toirmisc in Iris Oifigiúil ar an 16 Aibreán 2004 agus cuireadh an cás in iúl don iarratasóir ar an 19 Aibreán 2004.

Ar an 11 Meitheamh 2004, thug an t-iarratasóir fógra mar gheall ar achomharc, faoi Alt 10 an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, in aghaidh an Ordaithe Toirmisc.

Sa phróiseáil ar an achomharc, lenar bhain comhfhreagras fada le comhairleoirí dlí an iarratasóra, d’aontaigh an Bord Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán le dhá éisteacht ó bhéal agus glacadh le hiarratas go gcuirfí breis ama ar fáil don iarratasóir ionas go bhféadfaí fianaise saineolais a lorg agus a chur faoi bhráid.

Ar an 11 Iúil, sheas an Bord Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán le cinneadh Scrúdóir na Scannán.

Ar an 24 Iúil 2006, rinne an t-iarratasóir iarratas leis an Ard-Chúirt maidir le hAthbhreithniú Breithiúnais ag iarraidh, inter alia, go gcuirfí cinneadh Scrúdóir na Scannán agus cinneadh an Bhoird Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán de leataobh.

Ar éisteacht na cúise os comhair an Bhreithimh Uasal O’Higgins, ba iad na ceisteanna a bhí le plé ar tugadh nó nár tugadh cúiseanna leordóthaineacha a bheadh mar bhonn cóir leis an gcinneadh agus a shásódh coinníollacha maidir le nós imeachta cóir. Bhain an cheist sin le freagra Scrúdóir na Scannán ar iarratas an Bhoird go gcuirfí ráiteas i scríbhinn ar fáil faoi na cúiseanna agus le deimhniú an Bhoird le cinneadh Scrúdóir na Scannán, agus, go

**“Go leor cineálacha de chéasadh agus de mharú fuilteach atá gáirsiúil agus thar a bheith foréigneach. I gcomhthéacs na sraithe scannán seo tá an scannán *Saw IV* i bhfad níos antoiscí ná na cinn a chuaigh roimhe.”**

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Saw IV* ar láithreán gréasáin IFCO)



*Saw IV*
Stiúrthóir: Lynn Bousman

18

IFCO
IRISH FILM CENSOR'S OFFICE

G PG 12A 15A 16 18

**“...de bharr amháin ráiteas faoi chúiseanna a bheith ag leanacht friotal na Reachtaíochta, cúis nach dóthaineach de chúis dhóthaineach.” -** An Breitheamh Kevin O'Higgins

háirithe, arbh leor athlua ar na forais a leagtar amach in Alt 3 (1) (a) (iii) an Achta um Fístaifeadtaí 1989. D’áitigh an t-iarratasóir nár tugadh cúiseanna leordhóthaineacha le diúltú an fís-saothar a dheimhniú, agus gur tharla sárú dá réir sin ar nós imeachta cóir óir nach raibh a fhios aicise cén fáth ar diúltaíodh don saothar, agus gur fágadh dá réir sin srian lena cumas féin cur in aghaidh an chinnte (ar bhunús, mar shampla, neamhréasúnachta).

Níor leanadh ar aghaidh ag an éisteacht leis an agóid mar gheall ar altanna Acht na bliana 1989 faoin mbunreacht.

Chuir an Breitheamh Uasal O’Higgins a bhreith in iúl an 21 Nollaig 2007. Deir sé sa bhreith sin gur léir, ar Alt 3 (1) a léamh, nach féidir le Scrúdóir na Scannán diúltú deimhniú arna dhearbhú go bhfuil fís-saothar oiriúnach lena bhreathnú a dheonú ach amháin sa chás go bhfuil sé den tuairim ar fhorais shonracha a leagtar síos in Alt 3 (1) (a) nó (b) nach bhfuil an saothar oiriúnach lena bhreathnú. Leagtar amach na forais éagsúla is gá chun go dtiocfadh Scrúdóir na Scannán ar an gcinneadh san Alt sin agus tugtar cuntas san Alt freisin ar an mbonn ar a mbeadh Scrúdóir na Scannán i dteideal teacht ar fhorais den sórt sin.

Ba é breith na Cúirte gur cuireadh in iúl don iarratasóir leis na cúiseanna a thug Scrúdóir na Scannán sa chás seo na forais shonracha ar a dtángthas ar an gcinneadh agus go mba leordóthaineach iad. Dúirt an Chúirt nach ndéantar, de bharr amháin ráiteas faoi chúiseanna a bheith ag leanacht friotal na Reachtaíochta, cúis nach dóthaineach de chúis dhóthaineach. Dá réir sin, ba é breith na Cúirte gur cuireadh dóthain eolais in iúl don iarratasóir maidir leis an gcinneadh diúltú an saothar a dheimhniú chun go mbeadh ar a cumas socrú an gcuirfí nó nach gcuirfí in aghaidh an chinnte. Dá réir sin, ba é breith na Cúirte nach raibh fáth ar bith le cinneadh Scrúdóir na Scannán (arna dheimhniú ar achomharc) a chur ar neamhní.

Seirbheáileadh fógra achomhairc i ndeireadh mí na Nollag 2007.

Is féidir breith an Bhreithimh Uasal O’Higgins a léamh agus a chóipeáil ó shuíomh idirlín na hOifige **www.ifco.ie**

## DEIMHNIÚ SCANNÁN PICTIÚRLAINNE



***Once*** Stiúrthóir: John Carney - 15A



***Garage*** Stiúrthóir: Lenny Abrahamson - 15A




***Kings*** Stiúrthóir: Tom Collins - 15A

## TÍR LÉIRITHE NA 284 GNÉSCANNÁN A nDEARNADH DEIMHNIÚ 2007

### AON TÍR LÉIRITHE AMHÁIN

| | |
|---|---|
| AN ASTRÁIL | 5 |
| AN FHRAINC | 9 |
| AN GHEARMÁIN | 1 |
| AN UNGÁIR | 1 |
| AN INDIA | 21 |
| ÉIRE | 6 |
| AN TSEAPÁIN | 1 |
| AN NUA SHÉALAINN | 2 |
| AN NIGÉIR | 2 |
| AN RÚIS | 1 |
| AN SPÁINN | 1 |
| RA | 20 |
| SAM | 155 |
| **IOMLÁN** | **225** |


### NIOS MÓ NÁ TÍR LÉIRITHE *(i.e. comhléiriú)*

| | |
|---|---|
| CEANAD / AN FHRAINC / AN IODÁIL / RA / AN TSEAPÁIN | 1 |
| AN TSÍN / SAM | 1 |
| AN TSÍN / HONG CONG | 2 |
| POBLACHT NA SEICE / SAM | 1 |
| AN FHRAINC / AN ASTRÁIL / AN GHEARMÁIN / RA / SAM | 1 |
| AN FHRAINC / AN BHEILG | 1 |
| AN FHRAINC / AN GHEARMÁIN / ÉIRE / RA / AN DANMHAIRG | 1 |
| AN FHRAINC / AN ÍOSLAINN | 1 |
| AN FHRAINC / AN IODÁIL | 1 |
| AN FHRAINC / LICHTINSTÉIN | 1 |
| AN FHRAINC / MARACÓ | 1 |
| AN FHRAINC / RA / POBLACHT NA SEICE | 1 |
| AN FHRAINC / RA / SAM | 1 |
| AN FHRAINC / SAM | 3 |
| AN GHEARMÁIN / AN BHEILG / AN AFRAIC THEAS / RA / LUCSAMBURG | 1 |
| AN GHEARMÁIN / AN FHRAINC | 1 |
| ÉIRE / RA | 3 |
| ÉIRE / SAM | 1 |
| ÉIRE / RA / SAM | 1 |
| AN IODÁIL / AN GHEARMÁIN / AN FHRAINC | 1 |
| MEICSICEO / AN SPÁINN | 1 |
| MEICSICEO / SAM | 1 |
| AN NUA SHÉALAINN / SAM | 1 |
| RA / AN ASTRÁIL | 1 |
| RA / CEANADA | 1 |
| RA / CEANADA / SAM | 1 |
| RA / AN FHRAINC | 3 |
| RA / AN GHEARMÁIN | 4 |
| RA / AN GHEARMÁIN / AN RÓMÁIN | 1 |
| RA / AN INDIA | 1 |
| RA / SAM | 11 |
| RA / SAM / AN IODÁIL / AN FHRAINC | 1 |
| SAM / AN AFRAIC THEAS | 1 |
| SAM / AN TSÍN / AN TÉAVÁIN / HONG CONG | 1 |
| SAM / AN GHEARMÁIN | 1 |
| SAM / AN GHEARMÁIN / AN FHRAINC / AN RÓMÁIN | 1 |
| SAM / AN UNGÁIR / AN GHEARMÁIN | 1 |
| SAM / AN INDIA | 1 |
| SAM / AN PHOLAINN / AN FHRAINC | 1 |
| **IOMLÁN** | **59** |

“Tá an pobal agus tuismitheoirí sásta i gcónaí leis an deimhniú 16 a tugadh isteach trí bliana ó shin.”


## SCANNÁIN PHICTIÚRLAINNE A DEIMHNÍODH i 2007

Fad iomlán na scannán pictiúrlainne a deimhníodh: 532 uair, 42 nóiméad.



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 284 |
| Scannáin Ghearra | 4 |
| Réamhbhlaisíní | 343 |
| **Iomlán** | **631** |

## PRÍOMHSCANNÁIN DE RÉIR CATAGÓIRE i 2007



| | |
|---|---|
| G | 15 |
| PG | 51 |
| 12A | 46 |
| 15A | 109 |
| 16 | 41 |
| 18 | 22 |
| **Iomlán** | **284** |

## SCANNÁIN PHICTIÚRLAINNE A DEIMHNÍODH ó 2003 - 2007


| | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 213 | 249 | 252 | 265 | 284 |
| Scannáin Ghearra | 15 | 23 | 5 | 6 | 4 |
| Réamhbhlaisíní | 301 | 338 | 292 | 366 | 343 |
| **Iomlán** | **529** | **610** | **549** | **637** | **631** |

## PRÍOMHSCANNÁIN DE RÉIR CATAGÓIRE ó 2003 - 2007

| | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|
| G | 11 | 10 | 14 | 18 | 15 |
| PG | 23 | 31 | 39 | 36 | 51 |
| 12A | 40 | 61 | 55 | 53 | 46 |
| 15A | 91 | 90 | 71 | 94 | 109 |
| 16 | - | 7 | 43 | 42 | 41 |
| 18 | 48 | 50 | 30 | 22 | 22 |
| **Iomlán** | **213** | **249** | **252** | **265** | **284** |



***Shrooms*** - 18
Stiúrthóir: Paddy Breathnach



***Small Engine Repair*** - 15A
Stiúrthóir: Niall Heery



***Strength And Honour*** - *15A*
Stiúrthóir: Mark Mahon




***How About You*** - *15A*
Stiúrthóir: Anthony Byrne

## DEIMHNIÚ DVDANNA/FÍSEÁN

# "..nach féidir glacadh leis an leibhéal foréigin atá ann, mórfhoréigean atá gan staonadh, gan ghá."

### SAOTHAR DVD/FÍSEÁN A DEIMHNÍODH i 2007 DE RÉIR CATAHÓIRE




| | |
|---|---|
| G | 2317 |
| PG | 1855 |
| 12 | 1592 |
| 15 | 1806 |
| 18 | 463 |
| Iomlán | 8033 |

### SAOTHAR DVD/FÍSEÁN A DEIMHNÍODH ó 2003 - 2007 DE RÉIR CATAGÓIRE

| | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|
| G | 1986 | 2523 | 2916 | 3042 | 2317 |
| PG | 1474 | 1686 | 2522 | 2625 | 1855 |
| 12 | 984 | 1270 | 1733 | 1872 | 1592 |
| 15 | 1487 | 1480 | 1869 | 1955 | 1806 |
| 18 | 573 | 574 | 592 | 432 | 463 |
| Iomlán | 6504 | 7533 | 9632 | 9926 | 8033 |

### CEADÚNAIS A EISÍODH i 2007



| | |
|---|---|
| MÓRDHÍOL | 8 |
| MIONDÍOL FEITHICLE | 10 |
| MIONDÍOL | 1554 |
| Iomlán | 1572 |

### ORDUITHE TOIRMISC

Agus na cumhachtaí a thugtar dó faoi Alt 7 den Acht um Fhísthaifeadtaí, 1989, á bhfeidhmiú aige, d'eisigh Scrúdóir na Scannán Orduithe Toirmisc maidir leis na fís-saothair seo a leanas:

*Simon Wolf's Love At First Byte*
*Wild Cards*
*I Love To Fantasize*
*From Dusk Till Porn*
*Manhunt 2*

Is fís-saothair (DVDanna) iad na saothair go léir a luaitear thuas, ach amháin *Manhunt 2*, agus rinneadh iad a thoirmeasc ar na forais "dá mbreathnófaí orthu go dtiocfadh de na saothair, de bharr ábhar graosta nó mígheanasach a bheith iontu, go ndéanfaí daoine a bhreathnódh orthu a thruailliú nó a chur ar a n-aimhleas."

Rinneadh *Manhunt 2* a thoirmeasc faoi Alt 7 (1) (b) den Acht um Fhísthaifeadtaí, 1989, a thagraíonn do 'ghníomhartha mórfhoréigneacha nó mórchruálachta ... (lena n-áirítear ciorrú agus céasadh)..' Maidir leis an toirmeasc sin, d'eisigh Scrúdóir na Scannán ráiteas inar luadh go n-aithníonn IFCO gur gné inchosanta é foréigean ghrafach láidir i gcomhthéacs foriomlán an tsaothair. Ach i gcás *Manhunt 2*, bhí sé luaite go gcreideann IFCO nach ann do chomhthéacs den sórt sin, agus nach féidir glacadh leis an leibhéal foréigin atá ann, mórfhoréigean atá gan staonadh, gan ghá.

**"Is feider le Scrúdóir na Scannán deimhnithe a eisiúint chun eolas ar leith a sholáthar a bheadh inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte."**

## DEIMHNITHE AR MHAITHE LE hIMEACHTAÍ CÚIRTE

Tarchuireann an Oifig gearáin maidir le sárú fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán 1923 agus fhorálacha an Achta um Fhísthaifeadtaí, 1989 chuig an nGarda Síochána lena bhfiosrú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhísthaifeadtaí, 1989 is féidir le Scrúdóir na Scannán deimhnithe a eisiúint chun eolas ar leith a sholáthar a bheadh inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Ba é an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh i 2007, a thugann le fios nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3)(b) i ndáil le saothair áirithe, ná 280.

## AIRGEADAS

B'iad seo a leanas na táillí a ghearr an Oifig ar dheimhniú scannán pictiúrlainne agus DVD/físeán agus ar eisiúint ceadúnas i 2007:


| | |
|---|---|
| Táillí a gearradh ar Dheimhniú Scannán | €**247,282** |
| Táillí a gearradh ar Dheimhniú DVD/físeán | €**2,708,185** |
| Táillí a gearradh ar Cheadúnais Mhiondíola agus Mhórdíola | €**357,582** |
| **Ioncam iomlán a fuarthas i 2007 agus a cuireadh ar aghaidh chuig an gCuntasóir An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí** | €**3,313,049** |

Is léiriú iad na suimeanna thuas ar an struchtúr táillí athbhreithnithe a cuireadh i bhfeidhm i 2004. Forálann scála nua táillí do scannáin phictiúrlainne, a feidhmíodh i ndiaidh Ordú ón Aire an 1ú Aibreán 2004, ráta laghdaithe de €3 an nóiméad i gcás scannán a bheidh le heisiúint ar shé chló nó níos lú. Ardaíodh an táille a bhí ann roimhe sin de €8 an nóiméad go €12 an nóiméad ar gach cineál scannán eile, seachas scannáin oideachais, nach ngearrtar táillí ar bith orthu. Tugadh isteach buntáille ar réamhbhlaisíní freisin.

Forálann scála nua táillí do shaothair DVD/físeán, a feidhmíodh i ndiaidh Ordú ón Aire an 1ú Meitheamh 2004 (I.R. 113 de 2004), táillí aicmithe DVD/físeán a bheith bunaithe ar fad na hoibre a chuirtear ar aghaidh, seachas mar a bhí roimhe seo, nuair a bhain rátaí éagsúla le cíos  agus díol. Tugadh isteach buntáille de €50 in aghaidh DVD/físeáin bhreise/réamhbhlaisín/fógra freisin.

## SCRÚDÓIRÍ PÁIRT-AIMSEARTHA AGUS FOIREANN

**“Is é príomhfhreagracht na foirne seo ná aicmiú a dhéanamh ar na mílte saothar DVD/físeán a dheimhníonn an Oifig ar bhonn bliantúil.”**



**OLGA BENNETT**
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Iar-Ionadaí Poiblí
1 leanbh
Ceapadh i 1993 í




**MAIREAD MARRON**
Cónaí uirthi i Sord
Comhairleoir/Síciteiripeoir
6 Leanbh
Ceapadh i 1995 í



**TOM FITZGERALD**
Cónaí air sa Daingean
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanbh
Ceapadh i 2002 é



**MARK BRENNAN**
Cónaí air i mBaile Átha Cliath
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
2 Leanbh
Ceapadh i 2004 é



**DANI MCCLAFFERTY**
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Mac Léinn
Ceapadh i 2004 í
Conradh imithe in éag 2007



**DAVID POWER**
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Business Executive
Ceapadh i 2006 é



**PATRICIA MURPHY**
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
3 Leanbh
Ceapadh i 2004 í
Conradh imithe in éag 2007



**P. J. SHERIDAN**
Cónaí air i gClaonadh, Co. Chill Dara
Iarfhostaí sa tSeirbhís Phoiblí
3 Leanbh
Ceapadh i 2004 é



**TONY STAPLETON**
Cónaí air san Uaimh
Former Sales Director
5 Leanbh
Ceapadh i 1993 é



**JOHN KEITH**
Cónaí air san Aonach
Iarfhostaí sa tSeirbhís Phoiblí
3 Leanbh
Ceapadh i 1993 é



**MARIAN MCGENNIS**
Cónaí uirthi i Ballybrittas, Co. Laois
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanbh
Ceapadh i 2007 í

Cabhraíonn foireann Scrúdóirí Cúnta páirtaimseartha leis an Scrúdóir Scannán dualgais na hOifige a chomhlíonadh. Is é an phríomhfhreagracht atá orthu na mílte DVD arna ndeimhniú ag an Oifig gach bliain a rangú.Tháinig deireadh le téarmaí oifige Dani McClafferty agus Pat Murphy, a ceapadh mar Scrúdóirí Cúnta i 2004, i mí Dheireadh Fómhair. Cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Marian  McGennis, céimí san eolaíocht shóisialta ó NUI Maigh Nuad, agus iar-Theachta Dála, i mí na Nollag.



**ANN O’KELLY**
Is í an tArd-Oifigeach Feidhmiúcháin, Ann O’Kelly, Bainisteoir na hOifige agus is í a dhéanann maoirsiú ar fhoireann de sheisear státseirbhíseach, lena n-áirítear beirt Oifigeach Feidhmiúcháin, seisear Oifigeach cléireachais (beirt ag roinnt posta) chomh maith le beirt Teilgeoirí.  Bhí Ann ag obair ar feadh roinnt blianta sa Rannán Príosún sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.  Bhí sí ag obair roimhe sin sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sa Roinn Cosanta.

# LEAS-SCRÚDÓIR



**GER CONNOLLY**

Ceapadh Ger Connolly mar Leas-Scrúdóir i Lúnasa 2003.

Is i mbaile Chill Dara a rugadh é agus is ann atá cónaí air. Bhain sé céim B.Comm. amach i UCD. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sells, agus d'oibrigh sé sa réimse sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Ceapadh é mar scrúdóir scannán cúnta páirt-aimseartha i Samhain 1993. D'oibrigh sé mar Scrúdóir Scannán Cúnta agus bhí sé ar dhuine de thriúr toscairí chuig Comhdháil Aicmitheoirí Scannán na hEorpa i 2001. Is ionadaí na hÉireann é ar bhord PEGI, córas aicmithe na gCluichí Pan-Eorpach agus tá sé ina bhall den Bhord Comhairleach agus den Bhord Gearán. Tá sé pósta agus tá beirt mhac agus iníon amháin aige.

## FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

**“An Ofig Scrúdóir na Scannán, bhunaithe i 1923, a mbeidh ag athrú go an Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann.”**

IFCO
OIFIG AICMITHE SCANNÁN NA HÉIREANN

IFCO
OIFIG AICMITHE SCANNÁN NA HÉIREANN

> “..*gur óigh dó díobháil a dhéanamh do leanaí* i measc criteír fadseasmhacha ar nós *mígheanasach, draosta nó diamhaslach*.”

## AN BILLE UM AN DLÍ SIBHIALTA (LEASÚ)

Ag leanúint as uiríll ó Oifig Scrúdóir na Scannán, tá raon leasuithe ar an Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923, agus ar an Acht um Fhísthaifeadtaí, 1989 san áireamh sa Bhille um an Dlí Sibhialta (Leasú), mar a dréachtaíodh.

Mar chuid de mhórfhorbairt, a léiríonn an t-athrú atá tagtha ar ról stairiúil na hoifige le blianta beaga anuas, tabharfar Oifig Rangaithe Scannán na hÉireann ar Oifig Scrúdóir na Scannán in Éirinn, a bunaíodh ar dtús i 1923, (ach is IFCO a luafar leis i gcónaí), agus tabharfar Stiúrthóir Rangú Scannán ar an Scrúdóir Scannán.

Tabharfar aitheantas reachtúil, atá ag teastáil le fada, do leasanna leanaí agus daoine óga, nach ndéantar aon tagairt shainiúil dóibh san Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923 ná san Acht um Fhísthaifeadtaí, 1989, nuair a áireofar den chéad uair an téarma ‘gur óigh dó díobháil a dhéanamh do leanaí’ i measc criteír fadseasmhacha ar nós ‘mígheanasach, draosta nó diamhaslach’ agus ‘atá contrártha don mhoráltacht phoiblí’.

I measc príomhathruithe eile, beidh sé ina chion reachtúil ag miondíoltóir DVD a sholáthar do leanbh atá faoi bhun na haoise atá ainmnithe ar an deimhniú IFCO, (cás, iontach go leor, a ndearnadh dó san Acht um Fhísthaifeadtaí, 1989), agus tá méadú suntasach tagtha ar na pionóis a ghabhann le haon sáruithe a dhéantar ar an reachtaíocht.

## OIFIGÍ NUA IFCO

Tá pleananna ann faoi láthair go n-aistreoidh IFCO i ndeireadh 2008 ón oifig ina bhfuiltear faoi láthair ag 16, Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, áit a bhfuiltear lonnaithe ó 1945, agus atá díolta le forbróir faoi Thionscnamh Tithíochta Incheannaithe an Rialtais, chuig oifigí nua i lár Bhaile Átha Cliath.

## FEACHTAS FEASACHTA POIBLÍ

Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil lena chur ar ár gcumas leanúint den dara céim dár bhfeachtas feasachta poiblí in 2008, feachtas a bhí curtha siar, go háirithe i bhfianaise thorthaí suirbhé Phonebus MRBI, a dtagraítear dó ar leathanaigh 2 agus 7 den Tuarascáil seo.

## TAISPEÁNTAIS AGUS DÍOSPÓIREACHTAÍ GHRÚPAÍ FÓCAIS

Leanfaidh IFCO lena chlár taispeántais agus díospóireachtaí ghrúpaí fócais rialta maidir le saincheisteanna ábhartha a bhaineann le rangú, le heagraíochtaí, tuismitheoirí agus leis an bpobal. Táimid ag súil go mór a bheith páirteach in dhá fhéile scannán in 2008 ina mbeidh fócas speisialta ar dhaoine óga: Cinemagic in Aibreán agus féile ‘Lights Out!’ le hInstitiúid Scannán na hÉireann in Iúil.

visit our website **www.ifco.ie**

G PG 12A 15A 16 18